An Roinn Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Tourism and Employment

# Onnmhairí a Rialú
# Tuarascáil Bhliantúil 2024

1 Eanáir 2024 – 31 Nollaig 2024



# Clár Ábhair

## Clár Ábhair


**Réamhrá an Aire ..... i**

**Réamhrá ..... 1**

**Nuashonruithe Reachtacha agus Riaracháin 2024 ..... 2**

An tAcht chun Onnmhairí a Rialú ..... 2

Tabhairt Isteach an Chórais Údaraithe Onnmhairithe (CÚO) ..... 2

Liosta Rialaithe Onnmhairithe Míleata Náisiúnta ..... 3

Nuashonruithe AE ..... 3

**Sonraí Údaraithe Onnmhairithe 2024 ..... 5**

Dé-úsáid ..... 5

Míreanna Míleata ..... 7

Comparáid 2023-2024 ..... 8

**Iarratais Údaraithe a Mheas ..... 9**

**Comhlíonadh agus Forfheidhmiú ..... 12**

**Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara ..... 14**

**Iarscríbhinn I – Creat Domhanda do Rialuithe Onnmhairithe ..... 15**

**Iarscríbhinn II – Catagóirí Dé-úsáide Liosta Iarscríbhinne I ..... 16**

**Iarscríbhinn III – Catagóirí Míleata Liosta Comhchoiteann Míleata AE ..... 17**

## Réamhrá an Aire



Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil um Onnmhairí a Rialú 2024 a chur in bhur láthair. Tá an Tuarascáil seo mar bhonn le tiomantas dílis na hÉireann d'oscailteacht agus do thrédhearcacht i ndáil le rialuithe onnmhairithe a fheidhmiú. Tugtar forléargas sa Tuarascáil ar ghníomhaíocht na Roinne i ndáil le honnmhairiú earraí dé-úsáide agus míleata a rialú i gcomhair 2024. Tugtar léargas freisin ar athruithe ar reachtaíocht Éireannach agus Eorpach chun onnmhairí a rialú, a tugadh isteach i rith 2024.

Tá Éire fós tiomanta do thacú le trádáil oscailte, le saorthrádáil agus le trádáil fhreagrach i gcóras iltaobhach, riailbhunaithe idirnáisiúnta, agus í ag cinntiú nach ndéantar dochar do shlándáil dhomhanda agus do cheisteanna daonnúla. Tá rialuithe onnmhairithe láidre riachtanach chun iomadú arm ollscriosta a chosc, chun tacú le slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach, chun sceimhlitheoireacht a chosc agus chun cearta an duine a chosaint.

I dtimpeallacht gheopholaitiúil atá ag éirí níos míshocra an t-am ar fad, ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann le rialuithe onnmhairithe éifeachtacha. Tá rialuithe onnmhairithe riachtanach chun trádáil oscailte agus shlán a éascú trína chinntiú nach mbíonn earraí agus teicneolaíochtaí íogaire ar fáil do na daoine míchearta. Soláthraíonn creat rialaithe onnmhairithe dea-rialaithe cinnteacht agus muinín do ghnóthaí atá ag feidhmiú i margaí domhanda, rud a thugann deis d'Éirinn a bheith ina comhpháirtí trádála iontaofa agus freagrach fós.

Garsprioc shuntasach sa chomhthéacs sin ba ea gur cuireadh tús leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2023, i mí Lúnasa 2024. Chuíchóirigh agus neartaigh an reachtaíocht sin acmhainn na hÉireann chun onnmhairiú earraí rialaithe a rialú, rud a chinntigh go bhfuil ár gcreat reachtach oiriúnach dá chuspóir.

Sa Tuarascáil seo athdhearbhaítear tiomantas na hÉireann do thacú le timpeallacht trádála atá slán agus trédhearcach, agus ár leasanna náisiúnta á gcosaint aici agus í ag tacú le cobhsaíocht dhomhanda.

Peter Burke, T.D.
An tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

# Réamhrá

Faoi Alt 4 den Acht chun Onnmhairí a Rialú 2023, agus faoi Alt 9 den Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008, roimhe seo, ceanglaítear ar an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a thíolacadh don dá Theach den Oireachtas maidir le feidhmiú an Achta i rith na bliana roimhe sin.

I ndiaidh tús a chur leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2023, i Lúnasa 2024, tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí chun onnmhairí a rialú faoin dá Acht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Bhí Acht 2023 dírithe den chuid is mó ar an gcreat reachtach a nuashonrú agus a chuíchóiriú, seachas rialuithe nua a bhunú, agus ba ionann é agus leanúint ar aghaidh leis na próisis a bhí bunaithe d'onnmhaireoirí cheana féin. Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar phríomhathruithe a rinneadh ar an reachtaíocht Eorpach agus Éireannach chun onnmhairí a rialú in imeacht na bliana.

Más mian leat féachaint ar thuarascálacha roimhe seo maidir le feidhmiú chóras na hÉireann chun onnmhairí a rialú, tabhair cuairt ar rannóg foilseachán shuíomh gréasáin na Roinne Foilseachán – RFTF.

Má theastaíonn aon fhaisnéis eile uait a bhaineann leis an tuarascáil seo nó le honnmhairí a rialú, seol ríomhphost chuig exportcontrol@enterprise.gov.ie.

# Nuashonruithe Reachtacha agus Riaracháin 2024

## An tAcht chun Onnmhairí a Rialú

Cuireadh tús leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2023, ar an 22 Lúnasa 2024. Cuirtear an reachtaíocht seo in ionad an Achta chun Onnmhairí a Rialú 2008; feabhsaíonn sí cumas na hÉireann chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi rialacháin Eorpacha chun onnmhairí a rialú agus cinntíonn sí nach mbíonn mórán athruithe le déanamh ar nósanna imeachta oibriúcháin d’onnmhaireoirí.

Ainneoin go bhfuil éifeacht dhíreach ag rialachán dé-úsáide AE ar fud gach ballstát, teastaíonn reachtaíocht náisiúnta chun pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bhunú do neamh-chomhlíonadh. Tá léargas le fáil san Acht ar chinneadh na hÉireann glacadh le bearta breise maidir le míreanna neamhliostaithe faoi rialacháin AE, rud a neartaíonn an creat náisiúnta chun onnmhairí a rialú.

Bunaítear leis an Acht córas údaraithe d’onnmhairiú míreanna dé-úsáide chuig tríú tíortha, agus cinntítear leis an Acht go bhfuil ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnaithe AE á gcomhlíonadh. Lena chois sin, tugtar éifeacht dlí i ndlí na hÉireann, faoin Acht, do Chomhsheasamh na Comhairle maidir le gníomhaíochtaí a bhfuil míreanna míleata ag baint leo.

Tá an tAcht chun Onnmhairí a Rialú, 2023, struchtúrtha mar seo a leanas:

- **Cuid 2 agus Cuid 3** – Rialuithe do mhíreanna dé-úsáide agus míleata.
- **Cuid 4 agus Cuid 5** – Mionsonraí maidir leis an bpróiseas údaraithe agus na nósanna imeachta achomhairc.
- **Cuid 6** – Bearta forfheidhmithe.
- **Cuid 7** – Cionta agus pionóis chomhfhreagracha do sháruithe ar rialuithe onnmhairithe.

I rith 2024, dhírigh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta ar aistriú éasca chuig an gcreat reachtach nua. Cuireadh tionscnaimh for-rochtana agus treorach i gcrích chun eolas a roinnt le honnmhaireoirí maidir lena bhfreagrachtaí faoin Acht.

## Tabhairt Isteach an Chórais Údaraithe Onnmhairithe (CÚO)

De bhreis ar an reachtaíocht nua a thabhairt isteach, sheol an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta córas TF feabhsaithe – an Córas Údaraithe Onnmhairithe (CÚO) – ar an lá céanna ar cuireadh tús leis an Acht. Soláthraíonn an córas nua sin tairseach ar líne d’onnmhaireoirí; nuachóirítear an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar údaruithe

onnmhairithe agus tugtar deis d'onnmhaireoirí úsáid a bhaint as ardán atá níos simplí agus níos éifeachtúla chun a gcomhlíonadh le rialacháin chun onnmhairí a rialú, a bhainistiú.

## Liosta Rialaithe Onnmhairithe Míleata Náisiúnta

Leagtar amach i Liosta Comhchoiteann Míleata an AE na sainmhínithe agus na sonraíochtaí teicniúla ar threalamh a bhaineann le cosaint atá faoi réir Rialuithe Onnmhairithe. Déantar an liosta sin a leasú agus a nuashonrú go tréimhsiúil. Cuimsíodh nuashonruithe ar Liosta an AE in 2023 sa Liosta Rialaithe Onnmhairithe Míleata Náisiúnta nua in 2024.

## Nuashonruithe AE

**Páipéar Bán maidir le hOnnmhairí a Rialú**

In 2024, d'fhoilsigh Coimisiún na hEorpa Páipéar Bán maidir le hOnnmhairí a Rialú, ina ndearnadh cur síos ar leasuithe beartaithe chun creat an AE maidir le honnmhairí a rialú, a neartú. Tarraingítear aird sa Pháipéar Bán ar an ngá atá le feabhas a chur ar athléimneacht agus ar inoiriúnaitheacht chóras an AE chun onnmhairí a rialú, chun freagairt do dhúshláin gheopholaitiúla agus theicneolaíocha atá ag athrú. Moltar bearta ann chun comhordú a fheabhsú i measc ballstát, nósanna imeachta ceadúnaithe a chuíchóiriú agus déileáil le rioscaí atá ag teacht chun cinn a bhaineann le hardteicneolaíochtaí agus le slabhraí soláthair criticiúla. Leagtar béim sa pháipéar freisin ar an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht a chinntiú idir leasanna slándála agus iomaíochas onnmhaireoirí AE. I rith 2024, ghlac Éire páirt ghníomhach sna comhairliúcháin maidir leis an bPáipéar Bán, agus chabhraigh sí le forbairt straitéis AE, níos comhtháite agus níos éifeachtaí, chun onnmhairí a rialú.

**Treoir maidir le hOnnmhairiú Míreanna Cibearfhaireachais**

I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach treoir maidir le cibearfhaireachas d'onnmhaireoirí. Dearadh na treoirlínte chun cabhrú le honnmhaireoirí rialuithe a chur i bhfeidhm ar mhíreanna cibearfhaireachais áirithe. Áirítear leo, i measc rudaí eile, céimeanna díchill chuí chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann leis na míreanna sin a onnmhairiú.

**Nuashonruithe ar Iarscríbhinn I den Rialachán Dé-úsáide**

Ar an 5 Meán Fómhair 2024, ghlac an Coimisiún Eorpach le Rialachán Tarmligthe lenar nuashonraíodh liosta rialaithe onnmhairithe dé-úsáide an AE in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2021/821 chun léargas a thabhairt ar chinntí 2023 ó chórais neamhiomadaithe idirnáisiúnta. Faoin nuashonrú cuirtear earraí nua dé-úsáide san áireamh, lena n-áirítear gléasra agus trealamh núicléach, tocsainí nua agus réamhtheachtaithe ceimiceacha (e.g., Dé-próipiolaimín agus Neosacsatocsain), agus trealamh laghdaithe torainn. Ag an am céanna

mionathraítear paraiméadair rialaithe d’anailíseoirí comhartha agus do thiontairí agus nuashonraítear sainmhínithe teicniúla do threalamh cosúil le gléasanna tástála tonnchreatha agus teiliméadrachta.

## Sonraí Údaraithe Onnmhairithe 2024

An aidhm atá leis an tuarascáil seo ná trédhearcacht uasta maidir le gníomhaíocht cheadúnaithe a sholáthar. Ag an am céanna, tuigeann an Roinn go bhfuil sé riachtanach íogaireacht tráchtála agus rúndacht na faisnéise roinnte ag onnmhaireoirí a choinneáil chun tacú le honnmhaireoirí páirt a ghlacadh i dtrádáil oscailte agus i saorthrádáil. Tá freagracht ar an Roinn freisin slándáil phearsanra agus saoráidí onnmhaireoirí a chosaint. Dá bharr sin, cuirtear sonraí easpórtála i láthair i bhformáid chomhiomlán. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar bhonn le roinnt catagóirí a bheith á dtuairisciú le chéile.

### Dé-úsáid

Bíonn údarú de dhíth chun míreanna dé-úsáide a onnmhairiú chuig tríú tíortha.

**Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide - Aonair**

Eisítear údaruithe dé-úsáide aonair i ndáil le hidirbheart onnmhairithe sonrach. Ceadaíonn gach údarú dé-úsáide aonair onnmhairiú na míreanna sonraithe chuig úsáideoir deiridh sonraithe. Ní mór an t-idirbheart a chur i gcrích laistigh de 12 mhí ó dháta eisiúna an údaraithe agus is féidir é a chur i gcrích d'onnmhairí éagsúla laistigh den bhliain sin suas go dtí luach uasta an cheadúnais.

Tá na sonraí i gcomhair 2024 ag teacht leis an treocht a bhaineann leis na cineálacha sin onnmhairí do bhlianta roimhe seo, agus is ionann míreanna a bhaineann le TFC agus an chuid is mó d'onnmhairí dé-úsáide na hÉireann. In 2024, ceadaíodh 676 údarú dé-úsáide aonair, a raibh luach de thart ar €1.59 billiún luaite leo. Bhain an líon is mó údaruithe le Catagóir 5 (Teileachumarsáid agus Slándáil Faisnéise): 558 údarú arbh fhiú beagnach €888 milliún, fianaise ar an éileamh ard atá le tabhairt faoi deara san earnáil sin. Tá gluais ina bhfuil eolas maidir leis na Catagóirí Dé-úsáide le fáil in Iarscríbhinn II.

*Tábla 1: Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide – Aonair de réir na catagóire*

| | Catagóir | Eisithe 2024 | Luach €m | Eisithe 2023 | Luach €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Catagóir 1 | Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar | 12 | 21.58 | 18 | 13.3 |
| Catagóir 2 | Próiseáil Ábhar | 12 | 3.78 | 12 | 6.7 |
| Catagóir 3 | Leictreonaic | 24 | 152.74 | 26 | 170 |
| Catagóir 5 | Teileachumarsáid agus slándáil faisnéise | 558 | 887.88 | 688 | 611.4 |
| Catagóir 7 | Loingseoireacht agus eitleonaice | 13 | 3.62 | 10 | 2 |
| 0, 6, 8, 9, Uileghabhálach | | 57 | 517.95 | 36 | 429 |

| Iomlán | 676 | 1,587.54 | 790 | 1,232.40 |
|---|---|---|---|---|

**Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide – Bróicéireacht**

Is féidir údaruithe gníomhaíochtaí bróicéireachta (dé-úsáid) a eisiúint do chuideachtaí a dhéanann idirbheartaíocht le tíortha neamh-AE agus a shocraíonn idirbhearta idir na tíortha sin chun míreanna dé-úsáide a dhíol nó a cheannach. Níor eisíodh aon údarú do ghníomhaíochtaí bróicéireachta dé-úsáide in 2024.

**Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide – Domhanda**

Údaraíonn údaruithe domhanda lastais éagsúla de raon sonraithe earraí agus teicneolaíocht ísealriosca ardtoirte chuig ceann scríbe amháin nó níos mó. Ní féidir údaruithe domhanda a cheadú d’onnmhairí chuig úsáideoirí deiridh míleata, chuig na póilíní nó chuig úsáideoirí deiridh slándála Stáit. Eisíodh 46 údarú onnmhairithe dé-úsáide in 2024, agus bhí luach 1,302.6m luaite leis na húdaruithe sin.

*Tábla 2: Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide – Domhanda*

| Bliain | Luach € |
|---|---|
| 2019 | 1,897.8m |
| 2020 | 1,481.6m |
| 2021 | 1,506.7m |
| 2022 | 1,807.4m |
| 2023 | 1,107.7m* |
| 2024 | 1,302.6m |

*Coigeartaíodh an figiúr seo chun figiúr mícheart de luach €1100.0m a léiriú a bhí i dTuarascáil Bhliantúil 2023.

**Údaruithe Ginearálta Onnmhairithe ón Aontas**

Sainítear sa Rialachán Dé-úsáide (Iarscríbhinn II) líon beag Údaruithe Ginearálta Onnmhairithe ón Aontas (ÚGOA) a cheadaíonn leanúint ar aghaidh le honnmhairí ísealriosca áirithe gan a cheangal ar onnmhaireoirí iarratas a dhéanamh ar údarú onnmhairithe. Tá srianta suntasacha, atá sonraithe sa Rialachán Dé-úsáide, ag baint le húsáid gach ÚGOA. Fógraíodh 30 ÚGOA in 2024, méadú 1 ón mbliain 2023.

## Míreanna Míleata

Teastaíonn údarú d'onnmhairiú Míreanna Míleata lasmuigh den Stát. Braitheann an cineál údaraithe ar an onnmhaireoir, ar an úsáideoir deiridh agus ar an úsáid deiridh.

**Údaruithe Onnmhairithe Míleata – Aonair**

Teastaíonn údaruithe míleata chun aon mhír atá liostaithe sa Liosta Rialaithe Onnmhairithe Míleata Náisiúnta a onnmhairiú chuig aon cheann scríbe. Ceadaíonn gach údarú onnmhairiú míreanna dé-úsáide sonracha chuig úsáideoir deiridh sonrach. Ní mór an t-idirbheart a chur i gcrích laistigh de 12 mhí ó dháta eisiúna an údaraithe.

In 2024, ceadaíodh 164 údarú onnmhairithe míleata aonair, a raibh luach de thart ar €183.5 milliún luaite leo. Bhain an luach is mó onnmhairí le ML5 a bhí bunaithe ar 49 údarú a raibh luach de bhreis is €102 milliún luaite leo. Tá gluais ina bhfuil eolas maidir leis na Catagóirí Míleata le fáil in Iarscríbhinn III.

*Tábla 3: Údaruithe Onnmhairithe Míleata – Aonair*

| Catagóir ML | Líon na nÚdaruithe | Luach na nOnnmhairí (Euro) |
|---|---|---|
| ML1 | 13 | 53,750 |
| ML3 | 1 | 4100 |
| ML4 | 27 | 16,812,982 |
| ML5 | 49 | 102,042,818 |
| ML6 | 7 | 1075721 |
| ML7 | 4 | 488,847 |
| ML8 | 0 | 0 |
| ML9 | 7 | 712504 |
| ML10 | 9 | 15,607,319 |
| ML11 | 5 | 101806 |
| ML13 | 2 | 19964 |
| ML15 | 14 | 39,313,341 |
| ML16 | 1 | 20000 |
| ML17 | 2 | 15195 |
| ML21 | 5 | 500,000 |
| ML22 | 18 | 6695598 |
| **Iomlán** | **164** | **183,463,945** |

**Údaruithe Onnmhairithe Míleata – Domhanda**

Éascaíonn údaruithe aistrithe domhanda aistriú táirgí cosanta idir cuideachtaí i mballstáit den AE. Tá na húdaruithe bailí i gcomhair tréimhse trí bliana agus in 2024 atheisíodh Údarú

Míleata Domhanda amháin mar gheall ar athrú riaracháin ar ainm cuideachta ar eisíodh an t-údarú di cheana féin in 2023.

**Údaruithe Onnmhairithe Míleata – Bróicéireacht**

Teastaíonn údaruithe bróicéireachta d'idirbheartaíocht nó chun socrú a dhéanamh maidir le haistriú míreanna atá liostaithe ar Liosta Comhchoiteann Míleata an AE, is cuma má tá an t-aistriú le déanamh as Éirinn chuig tír lasmuigh den AE ('tríú tír'), ó bhallstát den AE eile chuig tríú tír, nó ó thríú tír amháin go dtí tríú tír eile. In 2024, taifeadadh ceithre údarú bróicéireachta míleata, a raibh luach de thart ar €356,000 luaite leo. Dáileadh na hidirbhearta i roinnt catagóirí.

## Comparáid 2023-2024

In 2024, ceadaíodh 891 údarú ar fad, a raibh luach de thart ar €3.07 billiún luaite leo, ó 1,032 údarú arbh fhiú €2.63 billiún iad in 2023. Ba iad údaruithe dé-úsáide aonair an chatagóir ba mhór, ó thaobh lín (677) agus luacha (€1.59 billiún) de.

*Tábla 5 – Comparáid 2023 agus 2024*

| Údarú | Líon 2023 | Líon 2024 | Luach € 2023 | Luach € 2024 |
|---|---|---|---|---|
| Dé-Úsáid Aonair | 790 | **677** | 1,232.4m | **1,587.5m** |
| Dé-Úsáid Dhomhanda | 55 | **46** | 1,107.7m | **1,302.6m** |
| Míleata Aonair | 184 | **164** | 278.8m | **183.5m** |
| Bróicéireacht | 4 | **4** | 1.3m | **0.35m** |
| **IOMLÁN** | 1,032 | **891** | 2,620.2m | **3,073.95m** |

## Iarratais Údaraithe a Mheas

Díríonn an measúnú ar iarratais údaraithe onnmhairithe ar a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-úsáidfidh an t-úsáideoir deiridh sonraithe an mhír atá á honnmhairiú don chuspóir beartaithe agus nach ndéanfar an mhír a atreorú ná a mhí-úsáid do ghníomhaíochtaí mídhleathacha, mar shampla, i ndáil le hairm ollscriosta nó sárú ar chearta an duine.

Déantar gach iarratas a fhaigheann an Roinn a mheas ar bhonn an cháis, agus breithnítear na tosca éagsúla agus casta ar fad atá i gceist. Ina measc sin tá nádúr na n-earraí, an úsáid deiridh bheartaithe, aitheantas agus iontaofacht an úsáideora dheiridh, agus aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hatreorú nó le mí-úsáid na míreanna. Téann an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le haon saincheist a bhaineann le beartas eachtrach, lena n-áirítear ceisteanna maidir le cearta an duine, a d'fhéadfadh eascairt as onnmhairiú atá beartaithe. Téann an Roinn i gcomhairle freisin le húdaráis cheadúnaithe onnmhairithe AE agus idirnáisiúnta eile de réir mar is gá. Os a choinne sin, déantar athbhreithniú cúramach ar iarratais i gcomhthéacs aon Bheart Sriantach AE, cosúil le smachtbhannaí trádála nó lánchosc arm, a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm i gcoinne na tíre cinn scríbe.

In 2024, diúltaíodh do 12 iarratas ar údarú onnmhairithe dé-úsáide mar gheall ar imní a bhain leis an úsáid dheiridh a bhí beartaithe, cosaint chearta an duine, an riosca féideartha a bhain le hatreorú, agus smachtbhannaí AE a bheith á gcomhlíonadh. D'fhéadfadh líon na n-iarratas a fhaightear, agus líon na ndiúltaithe athrú ag brath ar fhachtóirí éagsúla, lena n-áirítear onnmhaireoirí ag teacht isteach sa mhargadh nó ag fágáil an mhargaidh, athruithe ar dhinimic trádála dhomhanda, agus athruithe ar choinníollacha geopholaitiúla.


Cuireann onnmhaireoirí iarratais isteach chun údarú onnmhairithe a fháil tríd an CÚO (Córas Údaraithe Onnmhairithe). Bíonn sonraí le fáil san iarratas sin maidir leis an onnmhaireoir, na hearraí atá á n-onnmhairiú, an t-úsáideoir deiridh, agus an úsáid deiridh atá beartaithe a bhaint as na hearraí. Lena chois sin, ní mór go mbeadh sonraíochtaí teicniúla na míreanna agus teastas an úsáideora dheiridh san áireamh.

Próiseáiltear formhór na n-iarratas údaraithe laistigh de 20 lá oibre ón uair a bhfaightear iarratas atá líonta go hiomlán leis an bhfaisnéis riachtanach ar fad. D'fhéadfadh am próiseála níos faide ná 20 lá a bheith i gceist, áfach, má tá an ceann scríbe úsáide deiridh an-íogair nó más gá don roinn dul i gcomhairle le ballstát eile den AE nó le roinn rialtais eile.

Faoi Rialachán (AE) 821/2021, is é an t-íosmhéid ama chun dul i gcomhairle le ballstáit eile den AE maidir le hiarratais dé-úsáide eile ná 10 lá oibre. Bíonn an tréimhse sin i bhfeidhm nuair is gá do bhallstát dul i gcomhairle le ballstáit eile maidir le hiarratas sonrach ar cheadúnas onnmhairithe, go háirithe sa chás go bhfuil an mhír ag taisteal tríd an mballstát

sin. Is féidir síneadh breise a chur leis an tréimhse chomhairliúcháin 10 lá sin (nach faide ná 30 lá) má theastaíonn tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú níos críochnúla.

Fíor 1. An próiseas iarratais



| RECIEPT OF APPLICATION ON EAS | FÁIL AN IARRATAIS AR CÚO |
|---|---|
| EAS Export Authorisation System | Córas Údaraithe Onnmhairithe CÚO |
| Initial Application Review | Athbhreithniú Tosaigh ar an Iarratas |
| Incomplete applications will be returned | Seolfar iarratais neamhiomlána ar ais |
| Check against regulatory requirements. | Seiceáil i gcomparáid leis na ceanglais rialála. |
| Check is the destination country is subject to any sanctions or embargoes | Seiceáil an bhfuil an tír chinn scríbe faoi réir aon smachtbhannaí nó lánchoisc |
| Check End-User & End-Use | Seiceáil an tÚsáideoir Deiridh agus an Úsáid Dheiridh |
| Review the end-user certificate. | Athbhreithnigh teastas an úsáideora dheiridh. |
| Review the end-user and any potential red flags. | Athbhreithnigh an t-úsáideoir deiridh agus aon 'bhratach dhearg' a d'fhéadfadh a bheith ann. |
| Diversion considerations. | Breithniúcháin atreoraithe. |
| EU consultation & collaboration. | Comhairliúchán agus comhoibriú AE. |
| Consult with Department of Foreign Affairs. | Dul i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha. |
| Consult with other Departments if necessary | Dul i gcomhairle le Ranna eile más gá |
| Consult with technical experts if necessary | Dul i gcomhairle le saineolaithe teicniúla más gá |
| Risk assessment and recommendation made | Measúnú riosca agus moladh déanta |
| Decision made and issues | Cinneadh déanta agus saincheisteanna |
| APPROVED | CEADAITHE |
| Authorisation issue | Saincheist údaraithe |
| DENIED | DIÚLTAITHE |
| Offer Internal Review and Appeal | Tairg Athbhreithniú Inmheánach agus Achomharc |

## Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Tá foireann forfheidhmithe de 5 Oifigeach Údaraithe, atá ag feidhmiú faoi Aonad um Chomhlíonadh Trádála tiomanta ar leithligh, freagrach as a chinntiú go bhfuil rialuithe onnmhairithe á gcomhlíonadh, agus as comhoibriú leis an Garda Síochána agus le hÓglaigh na hÉireann chun aon sárú a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath agus a imscrúdú. Tá sé mar aidhm ag an Roinn cur le feasacht agus cultúr comhlíontachta a fhorbairt i measc onnmhaireoirí Éireannacha. In 2024, chuir Oifigigh Údaraithe 47 iniúchadh i gcrích:

- 35 iniúchadh ar an láthair
- 12 iniúchadh deisce

Bunaíodh iniúchtaí deisce i Ráithe 4 2024 i ndiaidh tús a chur leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2023, agus tionscadal píolótach a chur i gcrích. Mar chuid de na hiniúchtaí sin déantar athbhreithniú cianda ar dhoiciméid, ar thaifid agus ar shonraí chun comhlíonadh leis an Acht a mheas, gan aon ghá a bheith ann do chuairt láithreáin fhisiciúil. Dhírigh an tionscadal píolótach agus an 12 iniúchadh a rinneadh in 2024 ar onnmhaireoirí a bhfuil baint acu le honnmhairí dé-úsáide ísealriosca a bhfuil cúlra nó seantaithí acu ar rialú onnmhairithe a chomhlíonadh.

Leanann an próiseas iniúchta, fíorúil nó ar an láthair, cur chuige struchtúrtha chun meastóireacht chríochnúil agus comhlíonadh rialuithe onnmhairithe a chinntiú. Cuirtear tús leis an bpróiseas trí fhógra foirmiúil maidir le dáta agus ceanglais an iniúchta a thabhairt. Mar chuid den phróiseas déantar athbhreithniú mionsonraithe ar thaifid onnmhairithe chun cruinneas a mheas mar aon leis an tslí a bhfuiltear ag cloí le rialacháin. I ndiaidh an iniúchta, cuirtear tuarascáil chuimsitheach ar fáil, ina ndéantar cur síos ar thorthaí agus ar ghníomhartha molta. Má shainaithnítear saincheisteanna suntasacha, féadfar cuairt láithreáin leantach a eagrú chun a chinntiú go bhfuil bearta ceartaitheacha curtha chun feidhme go héifeachtach. Ainneoin gur sainaithníodh roinnt saincheisteanna i rith na n-iniúchtaí a rinneadh in 2024, cuireadh gach rud ina cheart agus déileáladh le gach rud gan gá a bheith le fógra comhlíonta ná le tuilleadh gníomhaíochta faoi cheachtar den dá Acht.

## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

I rith 2024, thug an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi rannpháirtíocht shuntasach le honnmhaireoirí agus le comhlachtaí ionadaíocha chun tacú le cur chun feidhme an Achta chun Onnmhairí a Rialú 2023, an tAcht nua, agus le rolladh amach an chórais TFC nuashonraithe. San áireamh bhí ábhair threorach mhionsonraithe a ullmhú agus faisnéis chun onnmhairí a rialú a chuíchóiriú ar shuíomh gréasáin na Roinne chun soiléire agus inrochtaineacht do pháirtithe leasmhara a fheabhsú.

I measc na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta bhí for-rochtain spriocdhírithe leis an tionscal, le comhlachtaí tionscail agus le hinstitiúidí acadúla, mar aon le comhordú le hOifigí agus le Gníomhaireachtaí na Roinne. Lean an Roinn ar aghaidh le dea-chaidreamh oibre a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara trasrialtais chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí geopholaitiúla i dtíortha cinn scríbe onnmhairithe. Leagadh príomhbhéim freisin ar chomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim agus le hoifigigh custam, chun forfheidhmiú agus comhlíonadh comhsheasmhach le rialuithe onnmhairithe a chinntiú.

Sa chás go raibh gá leo, rinneadh iniúchtaí i gcomhar leis an Garda Síochána agus leis na Coimisinéirí Ioncaim chun comhlíonadh a mheas agus maoirseacht a neartú. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Roinn le hoifigigh ó Óglaigh na hÉireann agus ón Roinn Dlí agus Cirt chun cur chuige comhtháite maidir le bearta rialaithe onnmhairithe a chinntiú.

Ag leibhéal AE agus idirnáisiúnta, d'oibrigh an Roinn go gníomhach leis an gCoimisiún Eorpach agus le ballstáit eile chun cabhrú le beartas AE chun onnmhairí a rialú, a fhorbairt, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin i ndáil leis an bPáipéar Bán maidir le hOnnmhairí a Rialú agus nuashonruithe ar Iarscríbhinn I. D'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun a chinntiú go raibh ionadaíocht á déanamh ar sheasamh agus ar leasanna na hÉireann i bplé domhanda maidir le honnmhairí a rialú ag cruinnithe na gcóras iltaobhach maidir le honnmhairí a rialú.

# Iarscríbhinn I – Creat Domhanda do Rialuithe Onnmhairithe

Tá roinnt córas idirnáisiúnta, iltaobhach neamhiomadaithe ag tacú leis an gcóras domhanda chun onnmhairiú míreanna dé-úsáide a rialú. Tá na córais sin bunaithe ar chomhaontuithe deonacha idir tíortha rannpháirteacha, a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil dhomhanda a fheabhsú trí iomadú earraí agus teicneolaíochtaí íogaire a chosc. Coimeádann gach córas liosta de mhíreanna rialaithe a nuashonraítear go rialta a mbaineann riosca iomadaithe leo. Coigeartaíonn saineolaithe teicniúla ó thíortha rannpháirteacha na liostaí sin chun léargas a thabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta agus ar athruithe sa timpeallacht gheopholaitiúil.

Glacann Éire, a bhfuil ionadaíocht á déanamh ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha uirthi, páirt ghníomhach i ngach córas mór idirnáisiúnta chun onnmhairí a rialú. Trí na creataí sin, comhaontaíonn tíortha rannpháirteacha allmhairiú, onnmhairiú agus iompar míreanna rialaithe sonracha a bhainistiú. Soláthraíonn na córais treoirlínte agus coimeádann siad liosta de mhíreanna rialaithe a bhfuil ballstáit, Éire san áireamh, tiomanta a rialú.

Is ball é Éire de na príomhchórais idirnáisiúnta seo a leanas chun onnmhairí a rialú:

- **Grúpa na hAstráile** – Díríonn an grúpa seo ar iomadú arm bitheolaíoch agus ceimiceach a chosc trí rialuithe onnmhairí comhordaithe.
- **An Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán** – Rialaíonn an córas seo onnmhairiú comhpháirteanna agus teicneolaíochtaí diúracán a bhaineann le haerárthaí gan foireann (AGFanna).
- **Grúpa na Soláthróirí Ábhar Núicléach** – Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa seo scaipeadh arm núicléach a chosc trí onnmhairiú ábhar agus teicneolaíochtaí núicléacha a rialú.
- **Comhshocraíocht Wassenaar** – Bunaíonn an chomhshocraíocht seo treoirlínte chun onnmhairiú gnáth-arm agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide a rialú.

Soláthraíonn na córais sin cur chuige comhsheasmhach agus comhordaithe maidir le honnmhairí a rialú, agus cinntíonn siad go bhfuil ballstáit, Éire san áireamh, ag cloí le hardchaighdeáin i ndáil le rialú agus le bainistiú míreanna íogaire.

## Iarscríbhinn II – Catagóirí Dé-úsáide Liosta Iarscríbhinne I

Is éard atá i gceist le míreanna dé-úsáide táirgí agus comhpháirteanna lena n-áirítear bogearraí agus teicneolaíocht is féidir a úsáid chun críocha sibhialta agus míleata. Is féidir míreanna dé-úsáide a thrádáil go saor in AE, seachas roinnt míreanna íogaire a éilíonn údarú roimh ré (féach Iarscríbhinn IV de Rialachán 821/2021).

Freagraíonn na catagóirí Dé-Úsáide dá dtagraítear sa tuarascáil seo dóibh siúd atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide. Is Liosta Rialaithe ainmnithe alfa-uimhriúil í an 'Uimhir Aicmithe chun Onnmhairí a Rialú' nó UAOR chun míreanna a shainaithint chun críocha rialaithe onnmhairí.

Tábla 6: Uimhir UAOR Dé-úsáide

| Sainaithníonn an chéad uimhir an phríomhchatagóir | Seasann an dara litir don chineál earraí/seirbhísí | Taispeánann an tríú uimhir an córas a úsáideadh chun na hearraí a aicmiú |
|---|---|---|
| Catagóir 0: Ábhair, áiseanna agus trealamh núicléach<br><br>Catagóir 1: Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar<br><br>Catagóir 2: Próiseáil ábhar<br><br>Catagóir 3: Leictreonaic<br><br>Catagóir 4: Ríomhairí<br><br>Catagóir 5: Teileachumarsáid agus slándáil faisnéise<br><br>Catagóir 6: Braiteoirí agus léasair<br><br>Catagóir 7: Loingseoireacht agus eitleonaice<br><br>Catagóir 8: Muirí<br><br>Catagóir 9: Aeraspáis agus Tiomáint | A: Córais, trealamh agus comhpháirteanna<br><br>B: Tástáil, imscrúdú, trealamh táirgeachta<br><br>C: Ábhair<br><br>D: Bogearraí<br><br>E: Teicneolaíocht | 001-099: Comhshocraíocht Wassenaar (dé-úsáid)<br><br>101-199: Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán (dé-úsáid)<br><br>201-299: Grúpa na Soláthróirí Ábhar Núicléach (dé-úsáid)<br><br>301-399: Grúpa na hAstráile<br><br>401-499: Coinbhinsiún na nArm Ceimiceach<br><br>501-899: (forchoimeádta)<br><br>901-999: Rialuithe náisiúnta |

# Iarscríbhinn III – Catagóirí Míleata Liosta Comhchoiteann Míleata AE

Leagtar amach i Liosta Comhchoiteann Míleata an AE na cineálacha earraí agus teicneolaíochtaí míleata atá faoi réir rialuithe onnmhairithe. Teastaíonn údarú chun aon mhír ar an liosta sin a aistriú, is cuma más aistriú laistigh den AE nó chuig tríú tír atá i gceist. San áireamh sa liosta tá raon leathan trealaimh, idir airm bheaga agus armlón agus ardchórais leictreonacha agus teicneolaíocht ag grád míleata. Tá Liosta Comhchoiteann Míleata an AE roinnte in 22 catagóir de threalamh, agus tá achoimre le fáil thíos.

Tábla 8: Liosta Comhchoiteann Míleata an AE

| | |
|---|---|
| **ML1** | Airm thollta míne a bhfuil calabra níos lú ná 20 mm acu, airm eile agus airm uathoibríocha a bhfuil calabra 12.7 mm nó níos lú acu (calabra 0.50 orlach) agus gabhálais, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML2** | Airm thollta míne a bhfuil calabra 20 mm nó níos mó acu, airm nó armáil eile a bhfuil calabra acu ar mó é ná 12,7 mm (calabra 0,50 orlach), teilgeoirí atá saindeartha nó sainmhodhnaithe le haghaidh úsáide míleata agus gabhálais mhíleata, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML3** | Gléasanna lón lámhaigh agus fiúis, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML4** | Buamaí, toirpéid, roicéid, diúracáin, gléasanna agus luchtanna pléascacha eile agus trealamh agus gabhálais ghaolmhara, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML5** | Trealamh rialaithe dóiteáin, faireachais agus rabhaidh, agus córais ghaolmhara, trealamh tástála agus ailínithe agus frithbhearta, atá saindeartha le haghaidh úsáide míleata, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML6** | Feithiclí talún agus comhpháirteanna. |
| **ML7** | Oibreáin cheimiceacha, 'oibreáin bhitheolaíocha', 'oibreáin smachtaithe círéibe', ábhair radaighníomhacha, trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna agus ábhair ghaolmhara. |
| **ML8** | "Ábhair fuinnimh" agus substaintí gaolmhara. |
| **ML9** | Soithí cogaidh (dromchla nó faoi uisce), trealamh speisialta cabhlaigh, gabhálais, comhpháirteanna agus soithí dromchla eile. |
| **ML10** | 'Aerárthaí, 'feithiclí níos éadroime ná an t-aer', 'Aerfheithiclí Gan Fhoireann' ('UAV'), aer-innill agus trealamh 'aerárthaí', trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna, atá saindeartha nó sainmhodhnaithe le haghaidh úsáide míleata. |
| **ML11** | Trealamh leictreonach, "spásárthach" agus comhpháirteanna leictreonacha, nach sonraítear in aon áit eile ar Liosta Comhchoiteann Míleata an AE. |
| **ML12** | Córais arm fuinneamh cinéiteach ardluais agus trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML13** | Trealamh armúrtha nó cosanta, tógálacha, comhpháirteanna, agus gabhálais. |
| **ML14** | 'Trealamh speisialaithe le haghaidh oiliúna míleata' nó chun cásanna míleata a ionsamhlú, insamhlóirí atá saindeartha le haghaidh oiliúna in úsáid aon airm tine nó |

| | |
|---|---|
| | airm atá sonraithe in ML1 nó ML2, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML15** | Trealamh íomháithe nó frithbhearta, atá saindeartha chun úsáide míleata, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML16** | Gaibhnithe, teilgin agus táirgí neamhchríochnaithe eile atá saindeartha le haghaidh míreanna atá sonraithe ag ML1 go dtí ML4, ML6, ML9, ML10, ML12 nó ML19. |
| **ML17** | Trealamh, ábhair agus 'leabharlanna' ilghnéitheacha, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML18** | Trealamh táirgeachta, áiseanna tástála comhshaoil agus comhpháirteanna. |
| **ML19** | Córais airm fuinnimh dhírithe (DEW), trealamh gaolmhar nó frithbheart agus samhlacha tástála, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML20** | Trealamh crióigineach agus "forsheoltach", agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh. |
| **ML21** | "Bogearraí." |
| **ML22** | "Teicneolaíocht." |